

Turgnamh Scagaire Uisce

Conas a chinntimid go bhfuil an t-uisce ónár sconnáí glan? Bhuel, téann an t-uisce trí rudaí ar a dtugtar 'cóireálacha', sula dtéann sé chuig ár sconnáí. Tugtar 'scagachán' ar cheann de na cóireálacha. Le scagachán, cuirtear an t-uisce trí shraitheanna éagsúla gainimh. Baineann sé sin salachar ón uisce. Is féidir an gcaoi a n-oibríonn seo a fheiceáil tríd an turgnamh thíos a dhéanamh.



SCOILEANNA GLASA
FAN SA BHAILE - UISCE

Am socraithe: 20 nóiméad

Am feithimh: 10 nóiméad

Céard atá ag teastáil uait?

1. Buidéal plaisteach (nó beidh aon chineál tonnadóra oiriúnach)
2. Gairbhéal nó clocha beaga.
3. Gaineamh glan.
4. Scagairí caife, rolla cistine nó píosa éadaigh.
5. Banda leaisteach



Céard atá le déanamh agat?

1. Iarr ar dhuine fásta an buidéal a ghearradh go garbh ina dhá leath chun tonnadóir a chruthú as an mbarr agus coimeádán ag an mbun.
2. Fill an rolla cistine, an scagaire caife nó an t-éadach cúpla uair agus ceangail é le béal an bhuidéil leis an mbanda leaisteach.
3. Cuir sraith de ghaineamh isteach i dtonnadóir an bhuidéil, líon é go dtí an trian de.
4. Cuir sraith de ghairbhéal isteach sa tonnadóir thart ar aon trian eile de.
5. Cuir sin isteach sa leath eile den bhuidéal. Béal thíos.
6. Líon an trian eile den tonnadóir le huisce ina bhfuil ithir agus salaChar.
7. Fan go ndeachaigh an t-uisce trí na scagairí sa chuid íochtarach.



Ceisteanna

1. Ar tháinig uisce níos glaine tríd an tonnadóir?
2. Ar bhain tú triail as scagairí deiridh éagsúla, amhail an scagaire caife, an rolla cistine agus an t-éadach? Más rud é gur bhain, cé acu a bhí ina scagaire is fearr?
3. Cén fáth a measann tú go bhfuil sraitheanna éagsúla níos fearr?

Féach ar an bhfíseán seo chun breathnú ar an turgnamh á dhéanamh:

<https://youtu.be/6Z3JBH-Hg8w>